# Coláiste Íosagáin 60042F

## Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile
## Litearthacht & Ullmhúchán d'Athruithe sa tSraith Shinsearach
## Lúnasa 2025 - Meitheamh 2026

### 1. Réamhrá

Tacaíonn Bord Bainistíochta agus Foireann Teagaisc Choláiste Íosagáin leis na prionsabail a bhaineann le Féinmheastóireacht Scoile agus tá an cur chuige atá taobh thiar de na treoirlínte mar chuid de chultúr na scoile le tamall maith de bhlianta. Tuigeann an Bord agus an Fhoireann, áfach, an tábhacht a bhaineann le féachaint ar an gcleachtas sa scoil agus gnéithe den teagasc agus den fhoghlaim ar bhealach córasach le rannpháirtíocht na foirne uilig. Chuige sin tá plean feabhsúcháin scoile curtha le chéile a mhairfidh ar feadh tréimhse dhá bhliain eile.

### 2. Comhthéacs na scoile

Is scoil lán-Ghaeilge í Coláiste Íosagáin le 485 cailín ag freastal uirthi. Tagann formhór na ndaltaí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus dornán eile ó scoileanna Béarla an cheantair. Tá ardchaighdeán acadúil sa scoil agus an-suim ag na daltaí san fhoghlaim. Tá gnóthachtáil na scoláirí sna scrúduithe stáit i bhfad os cionn na noirm náisiúnta agus tá na torthaí sTen ó na bunscoileanna ar ardchaighdeán freisin.

### 3. Fócas na meastóireachta

| | | |
|---|---|---|
| 2012-2019 | Téamaí Éagsúla | |
| 2020-2022 | Athshocrú ar Scoil tar éis na Paindéime agus An Ghaeilge a chur chun cinn | Tuairisc Meitheamh 2022 |
| 2022-2023 | Tinreamh agus Tráthúlacht & An Ghaeilge sa scoil a chur chun cinn. | Tuairisc Meitheamh 2023 |
| 2023-2024 | Tinreamh agus Tráthúlacht & An Fholláine | Tuairisc Meitheamh 2024 |
| 2024-2025 | An Fholláine & Cruinneas Litearthachta | Tuairisc Meitheamh 2025 |
| 2025-2026 | Ullmhúchán d'Athruithe sa tSraith Shinsearach & Cruinneas Litearthachta | Tuairisc Meitheamh 2026 |

### 4. Ullmhúchán d'Athruithe sa tSraith Shinsearach & Cruinneas Litearthachta

Aithníodh go raibh breis ama ag teastáil chun na dea-nósanna i dtaobh na litearthachta a leabú i saol na scoile. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar thorthaí caighdeánacha na ndaltaí sna blianta sóisearacha, tá dul chun cinn fós le déanamh i measc céatadán áirithe i dtaobh na Gaeilge agus an Bhéarla. Níl ceannach isteach iomlán le feiceáil i measc na ndaltaí maidir leis an scéim "Leabhar sa Mhála". Mar aon le seo, aithníodh go

raibh tionchar ag easpa cruinneas litearthachta ar chumas an dalta í féin a chur in iúl agus dul chun cinn a dhéanmh mar fhoghlaimeoir.

Tá athruithe suntasacha ag teacht isteach bliain ar bhliain ó 2025 ar aghaidh maidir le sonraíochtaí ábhair, measúnaithe leantacha agus stíleanna scrúduithe ag léibhéal na Sraithe Sinsearaí. Ar an mbonn sin, deineadh cinneadh díriú ar  na hathruithe seo ag  léibhéal uile scoile.

## 4.1 Comhthéacs

Bhí sé tuairiscithe ag léibhéal foirne go raibh cruinneas litearthachta na ndaltaí tite agus an t-aiseolas seo tacaithe ag torthaí scrúduithe caighdeánacha i 2024. Cuireadh straitéis litearthachta ar bun ag léibhéal uile-foirne. Cé go bhfuil dul chun cinn le feiceáil, níl an dul chun cinn leanúnach ó rang go rang.  Ar mbonn sin, ní mór dúinn leanúint leis an straitéis an bhliain seo chugainn.

Maidir leis na hathruithe atá agus a bheidh le teacht i dtaobh na Sraithe Sinsearaí, rinne an scoil na nósanna imeachta reatha sa scoil a mheas, láidreachtaí na scoile agus réimsí forbartha a aithint ionas go bhféadfadh an scoil dul i ngleic leis na hathruithe atá beartaithe.

## 4.2 Nascmhúinteoir

Is é an Coiste Tacaíocht Foghlama an nasc foirne maidir le caighdeán litearthachta sa scoil a fheabhsú agus is iad na múinteoirí ábhair uilig an nasc leis na daltaí.

Maidir leis hathruithe a ghabhann leis an Sraith Shinsearach, níl nascmhuinteoir ainmnithe i láthair na huaire. Fógrófar post freagrachta maidir leis an ról seo ag tús na scoilbhliana seo chugainn.

## 4.3 Straitéisí

### Litearthacht

- Straitéisí litearthachta a rothlú amach ag léibhéal uile scoile
- Líon deiseanna léitheoireachta i rith an lae a mhéadú agus agus a chinntiú go bhfuil tréimsí tráthchláraithe ag gach dalta (1-4) sa leabharlann.
- Go ndíreoidh gach múinteoir ábhair isteach ar dheiseanna léamhthuisceana a thabhairt do dhaltaí agus go mbeidh léamhthuiscintí mar chuid de scrúduithe ranga.

### An tSraith Shinsearach

- Anailís a dhéanamh
  - I. ar shólathar agus Solúbthacht an Churaclaim
  - II. Cleachtais Mheasúnaithe
  - III. Forbairt Ghairmiúil na Múinteoirí
  - IV. Áilíniú leis na Príomhinniúlachtaí (smaointeoireacht chriticiúil, cumarsáid, folláine)

## 4.4 Modh Oibre

### Litearthacht

- Ranganna tacaíochta sa litearthacht a chur ar fáil do na daltaí is mó gá, bunaithe ar thorthaí na scrúduithe caighdeánacha
- Monatóireacht téarmúil a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí seo
- Córas LÉAS (Léamh, Éist, Abair, Scríobh) a chur i bhfeidhm maidir le téarmaíocht/ foclóir nua sa seomra ranga
- Polasaí "Leabhar sa mhála" a chur i bhfeidhm i measc Bhliain 1-4 le léitheoireacht saoráideach a ghríosadh i measc na ndaltaí
- Club Léitheoireachta sa Ghaeilge do na sinsear a leathnú amach. Tá club léitheoireachta sa Bhéarla sean-bhunaithe sa scoil.
- Tástálacha caighdeánacha a dhéanamh ar spriocghrúpa ag tús na bliana agus ag deireadh na bliana le dul chun cinn na straitéisí a mheas.

### An tSraith Shinsearach

### Táthéil

- Tá réimse leathan ábhair curtha ar fáil sa scoil
- Tugann Clár na hIdirbhliana deis iontach do dhaltaí tabhairt faoi fhoghlaim éispéireasach agus scileanna riachtanacha a fhoghlaim
- Cleachtas Teagaisc agus Foghlama éifeachtach aitheanta sna hábhair éagsúla
- Tugtar deiseanna do dhaltaí tabhairt faoi thionscnaimh thaighde san Idirbhliain le scileanna riachtanacha a fhoghlaim
- Tá múinteoirí rannpháirteach i gcúrsaí FGL

## 5.1 Moltaí

### Litearthacht

- Tá gá le monatóireacht géar a dhéanamh i leith na nósanna imeachta scoile maidir le húsáid guthán póca mar aithnítear go bhfuil tionchar ag an nguthán póca ar chaighdeán litearthachta na ndaltaí
- A chinntiú go bpléitear deiseanna léamhthuisceana ag gach cruinniú ábhair.
- Comórtas Léitheoireachta sa leabharlann a chur chun cinn
- Níos mó deiseanna léitheoireacht saoráideach a thabhairt do dhaltaí i rith na seachtaine
- Tógáil ar an obair fhiúntach atá ar siúl ag an gCoiste Ealaíona agus ag In Uí Choileáin (Club Leabhair)

### An tSraith Shinsearach

- Tá gá le saotharlann nua ionas gur féidir tabhairt faoin gcuraclam nua sna hEolaíochtaí éagsúla
- Le tabhairt faoi obair thaighde agus leis na tuairiscí CMBanna, tá seiteanna nua ríomhairí glúine ag teastáil don tSraith Shinsearach amháin
- Tá difríochtaí muiníne le feiceáil i measc na foirne maidir leis na hathruithe atá tagtha chun cinn nó atá le teacht chun cinn.

- Beidh athrú cleachtais sna modhanna teagaisc agus sna cinélacha measúnaithe de dhíth ag leibhéal uile foirne
- Tá breis mhacnaimh le déanamh ar fhéilire scoilbhliana  i dtéarmaí scrúduithe suimitheacha mar gheall ar na CMBanna a bheidh lárnach i ngach ábhar.
- Níl scileanna smaointeoireacht chriticiúil agus féinbhainistíochta leabaithe trasna gach ábhar.

## 5.2.Achoimre

- Tá taithí ag an scoil tabhairt faoi athruithe sa churaclam agus sa tírdhreach oideachais ach tá gá le spriocanna forbartha a leagadh síos maidir le measúnaithe le cinntiú go gcoimeádtar an t-ardchaighdeán sa teagasc agus foghlaim atá sa scoil.
- Tá obair de dhíth le cinntiú go bhfuil leanúnachas maidir le cleachtas trasna gach roinn.
- Beidh am pleanála breise ag teastáil ó mhúinteoirí i dtaobh pleanála agus measúnaithe

## Plean Gnímh

| Gníomh | Freagracht | Amlíne | Critéir Reatha | Dáta |
|---|---|---|---|---|
| FGL a chur ar fáil maidir leis an tSraith Shinsearach | Bainistíocht | Leanúnach | Méadú i muiníne na foirne | |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar Chleachtais Mheasúnaithe | Ranna Ábhair | Bliain 1 | Níos mó aiseolas foirmitheach | |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna oibre | Ranna Ábhair | Leanúnach | Fianaise sa chleachtas ranga agus sna scéimeanna oibre | |

## Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn i rith 2026-27 tríd

- Breathnú ar na cáipéisí a shíolraíonn óna Cruinnithe Roinne agus Pleanála
- Comhoibriú foirne
- Cruinnithe athbhreithnithe FMS